

## An dúlra agus an dúchas: léamha ar thrí liric dúlra le Gréagóir Ó Dúill<sup>1</sup>

Ciarán Mac Murchaidh

Bíonn mórthéamaí éagsúla lárnach i mo chuid filíochta ó thréimhse go chéile; áirím ina measc an dúlra, an grá, easláinte agus an pholaitíocht. Ní dhealaím ó chéile iad. Tríd síos an *corpus* filíochta forbraím m'fhealsúnacht ghlas féin: bainim brí as an timpeallacht aiceanta, (a bhfuilim féin mar chuid de, mo pháirt ag athrú i gcónaí) agus má léitear mo shaothar as a chéile feictear an claonadh sin ag fás ionas go mbíonn gnéithe den bheatha nach daonna ag freagairt do ghnéithe den bheatha dhaonna, mar shiombail, mar mheafair shínte, mar íomhára leanúnach – agus *vice versa*.<sup>2</sup>

Tá breis agus 40 bliain caite ag Gréagóir Ó Dúill i mbun chúram agus cheardaíocht an fhile. Ocht gcnuasach dánta i nGaeilge atá foilsithe aige go dtí seo. Scríobh sé féin, tráth, 'Tuairim agus 350 dán a chuir mé i gcló le 35 bliain – beag go leor nuair a smaoiníonn tú air ar an dóigh sin, dán in aghaidh na míosa ach an samhradh a ghlacadh saor. Ní mar sin a bhí, ar ndóigh, ach ag teacht ina rabhartaí nó ag fanacht chomh ciúin le coire sléibhe ar feadh na míonna.'<sup>3</sup> I measc na dtéamaí a bpléann sé leo agus atá liostaithe aige san aiste sin luann sé an dúlra. Is cinnte go bhfuil ról lárnach ag an dúlra agus ag an timpeallacht aiceanta i gcuid mhór dá chuid filíochta ach braithim féin nach féidir a mhaíomh ina leith gur 'file dúlra' é. Is mó a thig a rá gur file é a théann i dtuilleamaí an dúlra agus an nádúir mar mheán le téamaí mórchúiseacha tábhachtacha eile a ionramháil agus a chíoradh. Léiríonn Ó Dúill comhbhá leis an nádúr de ghnáth ina chuid filíochta ach is léir nach leis an nádúr amháin a bhíonn sé ag plé.

Ba mhaith liom amharc san aiste seo ar thrí dhán ghairide le Gréagóir Ó Dúill a bhfuil an dúlra ina gcoíllár – ar an chéad léamh, ar scor ar bith – ach ar féidir léamha eile i bhfad Éireann níos doimhne a dhéanamh orthu. Is dánta iad a chuimsíonn an t-achar ama ó thús a ré mar fhile go dtí an t-am i láthair. Foilsíodh 'Cad é fómhar?' sa chéad chnuasach a d'fhoilsigh sé, *Innilt Bhóthair* (1981). Bhí 'Téim fá chónaí' i measc na ndánta in *Saothrú an Ghoirt* (1991) agus d'fhoilsigh sé 'Mochéirí Meithimh' in *GarbhAchadh* (1996). Is féidir a fheiceáil ar na dánta seo go bhfuil an bealach a láimhseálann Gréagóir Ó Dúill an dúlra ina chuid filíochta imithe i muinín agus i gclisteacht ach gur úsáid sé an dúlra, ón tús, mar mhodh le staidéar a dhéanamh ar ghnéithe dá shaol pearsanta féin agus dá ghairm mar fhile. Pléifear na trí dhán ceann ar a chéile in ord a bhfoilsithe agus féachfar le cuid de na tuiscintí is féidir a bhaint astu a phlé chun léará a thabhairt ar fhilíocht dhiamhair an fhile seo agus ar dhomhan na filíochta s'aige, domhan ar dhúirt Michael Davitt faoi, tráth: '... domhan ina bhfuil idir

<sup>1</sup> Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le comhghleacaithe liom i Roinn na Gaeilge, Máirín Nic Eoin agus Ríona Ní Fhrighil, a léigh dréachtaí den aiste seo agus a rinne moltaí fiúntacha domh. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le Gréagóir Ó Dúill a thug cead domh téacs na ndánta a úsáid i gcorp na haiste agus a mhol leasuithe luachmhara i dtaca leis an ábhar, fosta.

<sup>2</sup> Gréagóir Ó Dúill, 'Ag cur fráma ar fhriotal' in Micheál Ó Cearúil (eag.), *Aimsir Óg 2*, (Coiscéim, Baile Átha Cliath 2000), 230. [Cf. 'Aiste' in *Rogha Dánta 1965-2001*, (Cois Life/Coiscéim, Baile Átha Cliath 2001, 11-24, fosta.)

<sup>3</sup> Ibid.

áilleacht, iontas, bhagairt is fhoréigean sa nádúr timpeall air agus gur geall le seift shlándála gach aon dán aige.<sup>4</sup>

Tá struchtúr agus cló ar leith ar gach ceann de na trí dhán seo agus cuidíonn an struchtúr sin le cur i láthair an ábhair ar bhealach an-éifeachtach. Múnlaítear brí na ndánta, dar liom, ar shlí thar a bheith sainiúil nó is é an struchtúr a thugann an cruth d'fhorbairt na smaointe iontu.

### **Cad é fómhar?**<sup>5</sup>

Cad é fómhar?

Feo duilleog, tuar glórdhaite geimhridh,

Imeacht éan, rinn saighid de ghéanna,

Nó gealach i gceo?

Chan ea, mar is sa chathair dom.

Is é an fómhar

Soilse dearga scaipthe

Tré ghalfhuinneoig bus

Is na deora léi.

Tá 'Cad é fómhar?' ar cheann de na chéad dánta a scríobh Gréagóir Ó Dúill i rith na tréimhse i ndiaidh bhás a mháthar agus é ina fhear óg.<sup>6</sup> I rith na luath-thréimhse sin, is í an fhilíocht a thug an modh agus an meán dó dul i ngleic leis an chaoineadh ab éigean dó a dhéanamh go ciúin príobháideach toisc tromchúraimí teaghlaigh a bheith tite air. Ag teacht amach as geimhreadh mothálach a bhí sé ag an am agus is léir gur fáisceadh an dán féin as geimhreadh úd na fulaingthe pearsanta agus go bhfuil iarsmaí den bhrón agus den chaoineadh le brath ar an dán go fóill.

Tá struchtúr simplí ar an dán – dhá leath ar ceist agus freagra go bunúsach iad. 'Cad é fómhar?' an cheist atá ann. Cad é a shamhlaítear leis an fhómhar de ghnáth? Tugtar cur síos mar fhreagra ar an cheist sin sa chéad chuid den dán a mheabhródh tuiscint agus léiriú ar nós Keats ar an fhómhar do dhuine. Is é an rud atá i gceist agam leis sin, go bhfuil na tagairtí do chomharthaí éagsúla an fhómhair ag díriú ar mhianach pictiúrtha an tséasúir sin. (e.g. an dán cáiliúil le Keats, 'To Autumn', mar shampla: 'season of mists and mellow fruitfulness', 'maturing sun', 'fill all fruit with ripeness to the core', 'winnowing wind', 'twined flowers' etc.) Tá an teanga lán céadfachta agus rian láidir an rómánsachais ar an chur síos. Níl na heilimintí sin chomh láidir ar an chéad chuid den dán seo le Ó Dúill ach tá macallaí áirithe díobh ann. Tá an ghné chéadfach sa teanga ann, mar shampla. Is cinnte go bhfuil aird an fhile ar an taithí a bhí aige féin agus é óg ag fás aníos i mbaile beag i gCo. Aontroma ach ní bheadh an radharc a fheictear sa chéad chúpla líne sin as alt in aon cheantar tuaithe sa tír. Cuimsítear an fómhar ina chuid cruthanna go léir: teacht bhás na bliana ('feo duilleog'), uaill dheireanach dhathach na beatha ('tuar glórdhaite geimhridh'), saolré chiorclach nádúrtha an fhiadhúlra ('imeacht éan, rinn saighid de ghéanna') agus comharthaí sóirt

<sup>4</sup> Michael Davitt, 'Aincheist an aistriúcháin', *Feasta* (Meitheamh 2005), 17.

<sup>5</sup> Gréagóir Ó Dúill, *Innilt Bhóthair* (Coiscéim, Baile Átha Cliath 1981), 42; Gréagóir Ó Dúill, *Rogha Dánta 1965-2001*: (Cois Life & Coiscéim, Baile Átha Cliath 2001), 31.

<sup>6</sup> An file féin a thug an t-eolas cúlra sin faoin dán domh. In *Innilt Bhóthair* féin, tá an dáta 'xi 1967' luaite leis.

an tséasúir féin ('gealach i gceo'). Tá dóchas le brath ar an chéad véarsa den dán nó bíodh is go bhfuil an fómhar ann (agus, ar ndóigh, an geimhreadh ag teacht), tá teacht an earraigh intuigthe sa dán. Imíonn na héin ann, mar shampla, ach tá a fhios ag an fhile go bhfillfidh siad le himeacht ama. Tiocfaidh an t-earrach roimh i bhfad agus beidh an t-athfhás agus an t-aiséirí ann arís. Is é sin timthriall na beatha agus an nádúir. Mheabhródh an chéad rann sin macallaí den iomann 'Ag Críost an Síol' don léitheoir, mar a bhfuil tagairt don athfhás agus don aiséirí:

Ag Críost an síol, ag Críost an fómhar  
In iothlainn Dé go dtugtar sinn ...

Ó fhás go haois, is ó aois go bás,  
Do dhá láimh, a Chríost, anall tharainn.  
Ó bhás go críoch, ní críoch ach athfhás ...<sup>7</sup>

Creidim go raibh rian den chineál sin machnaimh ar siúl ag an fhile agus an dán seo á scríobh aige. Fómhar na bliana agus bás a mháthar tamall roimhe a d'fhágfadh oscailte do smaointe den sórt é, smaointe faoi thimthriall na beatha, faoi imeacht i léig na bplandaí agus na bliana féin ach an dóchas i gcónaí go leanann an t-earrach an feo sin. Níl dóchas sin fhómhar na tuaithe le brath ar fhómhar na cathrach agus is é sin an fáth, dar liom, a gcuirtear an fómhar in iúl chomh monacrómatach sin sa dara leath den dán. Is ansin a nochtar brí an dáin seo ar bhealach i bhfad níos fíneálta agus níos caolchúisí. Tá diúltú glan don chur síos rómánsach ar an chéad léamh ach ní mar sin amháin is cóir na línte sa rann sin a thuiscint. Is cinnte go bhfuil an t-aighneas idir saol tuaithe agus saol cathrach i gceist. Is séasúr de chineál eile é an fómhar sa chathair. Cuimsíonn an dara leath den dán an difríocht sin – an mínádúr chun cinn, an saol saorga nach bhfreagraíonn d'iontas na timpeallachta aiceanta tuaithe, go háirithe mar a léirítear i gceantair iargúlta é, i réim. Ceaptar fómhar na cathrach go foirfe snasta sna línte:

Is é an fómhar  
Soilse dearga scaipthe  
Tré galfhuinneog bus  
Is na deora léi.

Is deacair gan caoineadh an fhile a bhrath ar na línte sin – caoineadh ar easpa fíor-áilleachta agus éagsúlachta an fhómhair cathrach. Ní éin ná géanna a imíonn ar a slí ach carranna agus busanna a mheabhraíonn don léitheoir beatha mheicniúil chliniciúil na cathrach seachas beatha nádúrtha bhríomhar na tuaithe. 'Galfhuinneog bus agus na deora léi' a shiombailíonn an fómhar cathrach don fhile agus an tuiscint aige gur mar sin a bhíonn an chathair go minic. Ní hí an chathair is baile nádúrtha dó murab ionann agus an tuath féin. Tá sé le tuiscint ar mhianach an dá leath den dán gur fearr leis an fhile beatha, dathanna agus taithí na tuaithe seachas saol seasc na cathrach. Meabhraítear a leithéid chéanna sa dán le Cathal Ó Searcaigh, 'Níl aon ní', áit a bhfuil an file i ngleic leis an aighneas sin idir saol na tuaithe agus saol na cathrach, i

---

<sup>7</sup> Seán Ó Riada, 'Ag Críost an síol' in Jerry Threadgold (eag.), *The Veritas Hymnal*, (Veritas, Baile Átha Cliath 1974), 5.

measc nithe eile. Caithfear a rá, áfach, go bhfuil léiriú Uí Shearcaigh níos diúltaí agus níos steiréitipiciúla ná dearcadh Uí Dhúill. Luann Ó Searcaigh ‘brúchtbhaile balscóideach i mBaile Átha Cliath/ lena ghleo tráchta gan stad’ i gcomparáid le ‘ciúinchónaí sléibhe/ mar a gciúnaíonn an ceo le teacht na hoíche anuas ó Mhín na Craoibhe.’<sup>8</sup> Ní bhíonn Ó Dúill istigh leis féin i suíomh seasc cathrach, áit a bhfuil lionsa ghloine na fuinneoige ag teacht idir é agus an saol.<sup>9</sup> Is sa suíomh eile, an suíomh torthúil tuaithe, a thagann bláthú ar a chumas agus ar a cheird mar fhile.

Is scáthán an dán ‘Cad é fómhar?’ ag Ó Dúill do shaol an fhile mar a shamhlaítear dó féin é – dhá áit a bhfuil taithí aige orthu ach a dhéanann éileamh ar dhá áit éagsúla ann – cathair agus tuath, a chroí agus a intleacht. Is lena chroí a bhaineann an Ghaeilge, an Ghaeltacht agus oidhreacht iomlán na teanga agus na filíochta. Lena mheon a bhaineann an díospóireacht atá ar siúl istigh ann faoina ról mar fhile agus faoin tábhacht a bhaineann le dualgas an fhile i saol atá ag druidim níos dlúithe i dtreo na haonchineálachta. Ní dán ar an nádúr atá againn anseo ach dán a thugann léargas dúinn ar ról an dúlra i saol an fhile agus, níos tábhachtaí go fóill, tuiscint an fhile don dúlra thart timpeall air. Is é an struchtúr simplí ar an dán seo a thugann cruth don idirdhealú sin [buncheist (l. 1), ceist shínte (ll. 2-4), freagra (l. 5) agus freagra sínte (ll. 6-9)] agus a fhágann nach liric shimplí aiceanta atá ann. Ina ionad sin is machnamh é ar an luí atá aige leis an timpeallacht aiceanta ina bhfuil a thionscnamh fileata ar siúl aige. Is meán é a thugann an cumas dó iniúchadh a dhéanamh ar mhothúcháin agus ar dhearcadh atá lonnaithe in áit níos doimhne ann ach a fhágann go bhfuil cuireadh á thabhairt aige don léitheoir dul ina chuideachta ar thóraíocht fhealsúnta mhachnamhach.

### Téim fá chónaí<sup>10</sup>

Téim fá chónaí, crom os cionn tine,  
Ag tomhas na bhfód is an teasa go tíosach;  
Téim chun cruaike a líonadh cléibhe  
Agus léimeann an ghaoth aniar an bhinn orm.

Díreach comhthreomhar le talamh don fhearhainn,  
Nach cead di titim, ach imeacht i bPurgadóir shíoraí timpeall;  
Éin ina mbruscar buamáilte ag séideadh  
Agus crann á shracadh idir goath agus talamh, giorria cionn cúrsála.

Líonaim mo chliabh faoi dheifre is tógaim í go pianmhar  
Is amharcaim ó thuaidh. Tá ag dul ó sholas  
Agus tá Balor na mBéimeann ar cheann thiar Thoraigh go fóill,  
Gath buile a shúile ar spéir, ar mhuir, ar thír ag cuartach.  
Sleamhnaím go feithidiuil faoi mo chloich mhór.  
Téim fá chónaí.

<sup>8</sup> Cathal Ó Searcaigh, *Ag Tnúth leis an tSolais*, (Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán 2000), 80.

<sup>9</sup> Thug an file féin le fios domh gur thart ar an am sin a thosaigh sé ag caitheamh spéaclaí.

<sup>10</sup> Gréagóir Ó Dúill, *Saothrú an Ghoirt* (Coiscéim, Baile Átha Cliath 1994), 9; Gréagóir Ó Dúill, *Rogha Dánta 1965-2001* (Cois Life & Coiscéim, Baile Átha Cliath 2001), 87.

Is é mo thuairim arís go gcuidíonn an struchtúr atá ar an dán seo le cur i láthair an ábhair atá ann. Is geall le ráiteas fealsúnachta é, téis, fritéis agus sintéis. Tosaíonn agus críochnaíonn an dán leis na focail chéanna, ‘téim fá chónaí’, rud a thugann foirm chiorclach dó. Meabhraíonn athrá na bhfocal ag an deireadh an nós a bhíodh ag na baird an focal ceangail a bheith ag deireadh an dáin i gcónaí mar dhúnadh. Tugann sé crot aonaid ar leith don dán agus cuimsíonn sé meafar an mhionturais fhisiciúil atá ann ar an chéad léamh chomh maith leis an mhórthuras anama a luíonn níos doimhne i gcroí an dáin. Is i véarsa 1 a thosaíonn an turas mar a bhfágann an file cuan sábháilte an tseomra suí le seoladh amach faoi na dúile. Amuigh sa doineann gan foscadh gan chumhdach atá sé i véarsa 2, é i ngleic le fórsaí iomlána an dúlra agus an nádúir. Faoi véarsa 3, tá a aghaidh ar an turas ar ais chun tí, ar ais chun na sócúlachta ach is i rith an véarsa seo a fhágann sé réaltacht an domhain seo agus a théann sé ar iomramh i gcruinne mhalartach fhíorúil mhiotaseolaíoch.

Turas amach chun na cruaiche is bunús don dán. Cruthaítear pictiúr compordach seascair den fhile taobh le tine bhreá tráthnóna geimhridh ach é ‘ag tomhas na bhfód is an teasa go tíosach’. Tá an chliabh móna folamh agus tá an file i ndíospóireacht leis féin faoin turas amach go dtí an chruach – gan fonn rómhór air bogadh ach an tuiscint aige go mbraitheann beatha agus teas na tine (mar aon lena shócúlacht fein) ar an turas. Is é an nathán ‘téim fá chónaí’ a ghineann pictiúr an tsonais agus an tsuaimhnis sa dán. Ar a shócúlacht atá an file, ní amháin leis féin, ach leis an saol. An turas amach as an chuan sábháilte seo a thúsáíonn an bhuairt a thagann air. ‘Téim chun cruaiche’ an frása a bhriseann atmaisfeár an tsonais agus a osclaíonn bearna idir an tsábháilteacht agus an chontúirt. A luaithe a tharlaíonn sin, buaileann an file le fórsaí na ndúl. An saol taobh amuigh de chuan foscaidh an tí a ionsaíonn gan trócaire é:

... téim chun cruaiche a líonadh cléibhe  
Agus léimeann an ghaoth aniar an bhinn orm.

Cloistear macallaí láidre den ghaoth ghealtach a réabann trí chuid de dhánta Uí Ríordáin sa ghaoth seo ag Ó Dúill.<sup>11</sup> Tá cosúlachtaí móra eatarthu: cruth, fiántas agus cumhacht na geilte; sceon agus sceimhle na fuaimne a ghineann siad; an tuiscint a chruthaíonn an bheirt fhilí seo gur créatúr osnádúrtha í an ghaoth a réabann cosán trína saol. Go hiondúil i bhfilíocht Uí Dhúill, an áit a seasann an nádúr agus an dúlra do rud éigin bagarthach foréigneach, is minic an téarma ‘binn’ aige mar mheafar den sonas agus den tsábháilteacht. Seo arís againn é in ‘Téim fá chónaí’. Is í an bhinn an eadráin dheireanach idir é féin agus an saol amuigh agus is beag air scaradh leis an tearmann sin. Mínítear cúis na himní go rímhaith sa chéad véarsa eile.

I gceartlár na stoirme agus na hanachana atá an file sa dara véarsa. Tá na dúile uilig beo, beathach. Guairneán atá ann, mórchuaifeach a scuabann an saol ar fad ina chior thuathail san aer:

Díreach comhthreomhar le talamh don fhearhainn,  
Nach cead di titim, ach imeacht i bPurgadóir shíoraí timpeall;  
Éin ina mbruscar buamáilte ag séideadh

---

<sup>11</sup> Is fiú féachaint ar chuid de na dánta seo a bhfuil an stoirm nó an ghaoth ard i gceist iontu. Cf. Seán Ó Ríordáin, *Eireaball Spideoige*, (Sáirséal agus Dill, Baile Átha Cliath 1970). ‘An Stoirm’ (43), ‘Sos’ (46) agus ‘Óiche Nollaig na mBan (66), mar shampla.

Agus crann á shracadh idir gaoth agus talamh, giorria cionn cúrsála.

Anord ceart atá sa doineann seo ina bhfuil domhan an chompoird agus an tsonais in aimhréidh. Ní cheadaítear don fhearhainn titim ach caithfidh sí fanacht i staid beochana crochta, gafa i bpurgadóir nach dtiocfaidh deireadh léi. Ó thom go tor atá an éanlaith á gcroitheadh gan greim le fáil acu ar sheasmhacht ná ar fhoscadh na gcrann nó tá na crainn féin faoi léigear ag gaoth atá ar a dícheall iad a stoitheadh. Éalú as an ghuairneán seo is aidhm don fhile: ‘lónaim mo chliabh faoi dheifre is tógaim í go pianmhar/ is amharcaim ó thuaidh.’ Ach is leis an aon amharc amháin sin ó thuaidh a thrasnaíonn an file tairseach idir an saol seo agus an domhan rúndiamhrach miotaseolaíoch. Ó thuaidh a luíonn Oileán Thoraí, baile Bhalair, fíorthobar dúchais, miotaseolaíochta agus oidhreachta i samhlaíocht an fhile. Bíonn tarraingt de shíor ann i dtreo an tobair sin. Líonann an tobar sin a chliabh, ní díreach cliabh na móna ach cliabhrach nó croí an fhile, á chothú agus á shracadh ag an am chéanna. Le clapsholas an tráthnóna sileann an ‘saol eile’ isteach sa dán. Samhlaítear Balar na Súile Nimhe i mbun oibre sna dúile:

... tá Balar na mBéimeann ar cheann thiar Thoraigh go fóill,  
Gath buile a shúile ar spéir, ar mhuir, ar thír ag cuartach.

Tá dearmad anois ar thearmann an tseomra a bhí chomh mór sin chun cinn sa chéad véarsa. Seo romhainn an file lomnocht os comhair bhuile na ndúl agus súil nimhe Bhalair, ar dlúthchuid de thraidisiún béil agus cultúir cheantar Thoraí agus Chnoc Fola go fóill é. Seo é lomnocht os comhair ualach an traidisiúin oidhrechtúil sin a bhfuil sé féin ina chomharba air mar fhile. Seasann sé ar an tairseach seo amhail is go bhfuil sé faoi thriail ag an oidhrecht. Seomra an tí atá mar thearmann ag an fhile ach má shíntear an meafar sin, Dún na nGall féin atá i gceist agus is cinnte gur féidir a áitiú gurb í an Ghaeltacht atá chun cinn anseo in intinn an fhile. Tá an tearmann mór sin (agus, mar sin de, an file féin) faoi léigear agus béimeanna an tsaoil sheachtraigh ag brú isteach go fíochmhar air féin, ar an Ghaeltacht agus ar an oidhrecht iomlán. Feithid bheag atá san fhile i gcomparáid le caismirt na bhfórsaí éagsúla ón taobh amuigh atá ag bagairt agus ag brú air. Ní thig leis rud ar bith eile a dhéanamh ach sleamhnú faoi chloch mhór agus dul ‘fá chonaí’ arís.

Samhlaím an chliabh a líonann Ó Dúill ag an chruach ina shiombail den ghá atá ag an fhile seo filleadh go rialta ar thobar an dúchais in ainneoin na bagartha agus na contúirte:

Líonaim mo chliabh faoi dheifre is tógaim í go pianmhar ...’

A cheird féin mar fhile is cúis áthais agus fulaingthe in éineacht aige. Is caomhnú agus cothú traidisiúin trí mheán na filíochta Gaeilge atá ar bun aige ach é gan fhios cá fhad eile a mhairfidh an tearmann slán in éadan chlonscairt na síorstoirme. Bíonn air filleadh go minic lena chliabh ar chruach an dúchais chun é féin a neartú don chath. Thug Seán Ó Cearnaigh faoi deara i léirmheas leis go raibh próiseas ar siúl ag Ó Dúill ina chuid filíochta, go háirithe mar a léiríodh sa chnuasach *Saothrú an Ghoirt* í:

Tá Ó Dúill ag iarraidh próiseas athmhuintearais a chur chun cinn: próiseas athmhuintearais idir é féin agus an dúlra, dúlra atá ina mheafar ar an stair, ar an teanga agus ar leibhéal eisiach ar an gcuid sin dá shaol nach eisean í.<sup>12</sup>

Is léamh cruinn é sin, measaim, ar ról an dúlra i bhfilíocht Uí Dhúill, go háirithe mar a nochtar sa dán thuas é. Tá sé ag iarraidh teacht chun réitigh lena ról mar fhile i gcomhthéacs traidisiúin atá le caomhnú, le cothú agus le forbairt ar mhaithe leis féin mar fhile agus ar mhaithe leis an traidisún atá á cheiliúradh aige. Mar sin de, cé gur mar fheithid a leanfaidh sé ar aghaidh, is go dalba a leanfaidh sé air ag saothrú leis agus ag déanamh gach aon rud is gá, is cuma leis cé chomh beag faonlag a chuid iarrachtaí, chun an tearmann, an dúchas agus an fhilíocht a thabhairt slán ón ionsaí. Rachaidh sé fá chónaí go cinnte, ach tabharfaidh sé dúshlán na ndúl agus fanfaidh sé dílis.

### **Mochéirí Meithimh<sup>13</sup>**

Dá mhoiche a éirím, tá cneá geal  
De ghail bhreosla eitleáin siochta ar aghaidh na spéire  
Agu éanacha dubha creiche ag cuntas na gcaoirigh.

Dá luaithe a scaipeann an drúcht, beidh fuacht faoi chois  
Agu meirg rua ar fhaobhar na n-acraí nár bhailigh mé isteach aréir.  
Tá tais, éadaí na líne ag crochadh leo faoi ghrian mochmhaidne.

Dá chiúine an mhaidin, ní fada go mbíonn  
An chéad tarracóir ag trupáil chun an phortaigh,  
Cliabh de thrucail fholamh ag bualadh ar a chúl.

Suím ar bhinse na binne. Siúlann giorria óg  
Anuas an mhala fá thrí shlat díom. Geiteann na caoirigh siar uaidh.  
Ní chorraím. Braithim. Sin a bhfuil ann.  
Is é sin mo dhán.

Struchtúr an dáin arís anseo atá ar cheann de na nithe is mó a mheall mo shúil agus é á léamh agam – sin agus an caidreamh sainiúil atá ag an fhile seo leis an dúlra. Dán ceithre véarsa atá againn an babhta seo agus an struchtúr éagsúil arís leis an chur chuige a léirigh sé in ‘Cad é fómhar’ agus ‘Téim fá chónaí’. Braithim gur ráiteas míshocrachta atá i ngach ceann de na chéad trí véarsa agus go bhfágann an chéad dá fhocal i ngach aon véarsa díobh an chuma air seo gur liodáin achainíocha nó curfá neamhfhuascailte iad: ‘Dá mhoiche ... (v. 1); Dá luaithe ... (v. 2); Dá chiúine ... (v. 3). An file mar fheithid, ar shlí, atá ar chúl an dáin seo arís, measaim. Is amhail créatúr beag gan chumhacht a sheasann sé os comhair an tsaol, é ina aonar in éadan tonnta na

---

<sup>12</sup> Seán Ó Cearnaigh, ‘*Saothrú an Ghoirt: léirmheas*’, *Comhar* (Márta 1995), 28.

<sup>13</sup> Gréagóir Ó Dúill, *GarbhAchadh*, (Coiscéim, Baile Átha Cliath 1996), 16; Gréagóir Ó Dúill, *Rogha Dánta 1965-2001* (Cois Life & Coiscéim, Baile Átha Cliath 1996), 120.

cinniúna nó chúrsa na beatha – é ag caoineadh na heaspa foirfeachta a bhaineann le gleann seo na ndeor. Seo caidreamh diúltach an duine leis an nádúr:

Dá mhoiche a éirím, tá cneá geal  
De ghail bhreosla eitleáin siochta ar aghaidh na spéire  
Agus éanacha dubha creiche ag cuntas na gcaoirigh.

Ní féidir leis an fhile éalú ón dochar a dhéanann an duine don dúlra, dochar atá le feiceáil mar ‘chneá geal ... ar aghaidh na spéire’. Ní maith leis an drochthionchar atá ag an duine ar an dúlra agus ar an domhan toisc na ngonta agus na gceanácha atá á bhfágáil aige ar aghaidh na spéire agus ar chlár an domhain. Cé gur do ghné an nádúir atá na héanacha dubha ag tarraingt – an baol do chaoirigh ó éanacha dubha creiche – níor dheacair na heitleáin a shamhlú mar éanacha dubha atá ag cur isteach ar an nádúr fosta. Ní thig leis an fhile éalú ó chúrsa nádúrtha an tsaoil agus na beatha mar a dtarlaíonn drochrudaí gan chúis, uaireanta. Bíonn na héanacha dubha creiche de shíor ag timpeallú agus an chéad íobartach eile á lorg acu: ‘bua na hoiriúnachta’ (i.e. *survival of the fittest*) is cúis leis sin. Éanacha dubha de dhéantús an chine dhaonna féin, áfach, atá ag timpeallú ar an dúlra agus creach á déanamh acu air. Is cuid riachtanach den saolré aiceanta fiántas na beatha nádúrtha ach is mór idir sin agus dochar an duine i meon an fhile.

Leanann iarmhairtí gach dá dtarlaíonn sa saol seo, dar leis an fhile sa dara véarsa. Bíonn drúcht ann go moch ar maidin, go háirithe maidin samhraidh. Tá an drúcht riachtanach roimh theas an lae ach fágann sé rian eile ina dhiaidh, ar nós go leor eile de na rudaí a thiteann amach sa saol:

Dá luaithe a scaipeann an drúcht, beidh fuacht faoi chois  
Agus meirg rua ar fhaobhar na n-acraí nár bhailigh mé isteach aréir.  
Tá tais, éadaí na líne ag crochadh leo faoi ghrian mochmhaidne.

Baineann fuacht áirithe leis an luathmhaidin, fiú i lár an tsamhraidh. Gineann an drúcht meirg éadrom ar uirlisí atá fágtha ina luí amuigh thar oíche trí thimpiste ag an fhile agus feictear an rian rua sin an mhaidin dár gcionn. Taisríonn sé éadaí ar líne a thriomóidh ar ball faoin ‘ghrian mochmhaidne’ ach baineann sé cuid den bheocht agus den bheatha as na baill éadaigh (‘ag crochadh leo’) go dtí go mbeathaíonn an ghrian arís iad. Féach mar a bhfuil an file ag baint leasa as an imeartas focal a bhaineann le ‘tais’ agus ‘éadaí’ chun ‘taiséadaí’ a mheabharrú don léitheoir agus tagairt á déanamh dá chuid éadaí féin ar crochadh ar an líne. Tá meath áirithe i gceist sna línte seo. Is amhlaidh go bhfuil an file féin ag fanacht leis an ‘ghrian mhochmhaidne’ le drúcht, fuacht agus taise na maidne a dhíbirt de féin le go rachaidh sé i mbun oibre i gceart arís agus go mbainfear an mheirg rua d’acraí an fhile – an peann. (Meabhraítear an ceangal a rinne Heaney idir an spád agus an peann sa dán leis, ‘Digging’, anseo agus is féidir macalla a aithint tríd an tagairt d’acraí an fhile.<sup>14</sup> Baineann Cathal Ó Searcaigh as leagan den mheafar sin i ndán leis fosta, ‘Anseo ag Staisiún Chaiseal na gCorr’ sna línte corraitheacha: ‘Seo duanaire mo mhuintire; an lámhscríbhinn a shaothraigh siad go teann le dúch a gcuid allais.’<sup>15</sup>) Caithfidh an file taiséadaí na hoíche agus na

<sup>14</sup> Seamus Heaney, *New Selected Poems 1966-1987*, (Faber and Faber, Londain 1990), 1.

<sup>15</sup> Ó Searcaigh, *Ag Tnúth leis an tSolais*, 126.



mochmhaidne uaidh, díbreofar an mheirg rua de na hacraí agus éireoidh sé chun beatha an fhile faoi sholas cruthaitheach an lae.

Is é an caidreamh dearfach idir an duine agus an nádúr a chuimsítear sa tríú véarsa, measaim. Baineann suaimhneas leis an nádúr agus leis an timpeallacht tuaithe ach is é an duine sa chás seo a bhriseann an suaimhneas sin agus é i mbun a ghnó laethúil riachtanaigh:

Dá chiúine an mhaidin, ní fada go mbíonn  
An chéad tarracóir ag trupáil chun an phortaigh,  
Cliabh de thrucail fholamh ag bualadh ar a chúl.

Braithim nach bhfuil an file chomh míshásta leis an chaidreamh idir an duine agus an dúlra sa véarsa seo agus atá sé i véarsa 1. Is dóigh liom go samhlaíonn sé obair an phortaigh a bheith i dtiúin níos fearr le saol na tuaithe. Tá an feirmeoir nó an t-oibrí níos gaire don nádúr nó is cosantóir ar luach an dúlra é. Tá an duine ag brath ar an dúlra sa chás seo agus tá obair an phortaigh mar dhlúthchuid den traidisiún a bhaineadh le saol inar aithníodh an gaol gairid idir an dúlra agus an duine agus feagrachtaí an duine dá réir.

Is sa cheathrú véarsa, áfach, a thugann an file an imní a léiríonn sé sna chéad trí véarsa chun fuascailte trí cheangal a dhéanamh idir a ról féin mar fhile agus an dúlra ag a bhfuil sé timpeallaithe. Tarraingíonn sé arís sa dán seo ar mheafar bhinn an tí. Is íomhá é a thugann mothú agus tuiscint ar thearmann, ar sheasmhacht agus ar shábháilteacht don léitheoir. Ancaire, ar shlí, atá ann agus an file ar uiscí an tsaoil. Is ar 'bhinse na binne' atá sé ina shuí ag amharc ar a bhfuil thart air. Nuair a 'shiúlann giorria óg anuas an mhala fá thrí shlat' de, geiteann na caoirigh ach fanann an file gan bogadh. Sin é a ghairm – suí go foighneach fealsúnach agus suntas a chur sna rudaí éagsúla seo. Ní suntas amháin atá i gceist, áfach, ach machnamh go tostach orthu go dtugann sé torthaí a chuid smaointeoireachta ar an saol i gcruth dáin. Is cliste go mór an t-impartas focal a bhfuil an file ina bhun ag an staid dhéanach seo sa dán. Tá an focal 'dán' anseo ina bhríonna uilig ag Ó Dúill: an dán mar chinniúint, an dán mar cheird nó ealaín, an dán mar fhilíocht agus mar pháosa filíochta agus an dán mar thabhartas nó mar thíolaic ó na Béithe don fhile agus, ar a sheal féin, ón fhile don phobal léitheoireachta:

Ní chorraím. Braithim. Sin a bhfuil ann.  
Is é sin mo dhán.

Radharc luathmhaidne atá á léiriú agus á chuimsiú ag an fhile sa dán seo agus é ina shuí faoi bhreacadh an lae ag tabhairt faoi deara an caidreamh idir duine agus dúlra, idir file agus a cheird. Samhlaím an duine i ngleic leis an dúlra (agus a mhalairt go cruinn) ar bhealaí éagsúla i véarsaí 1 agus 3, an dúlra agus an file i ngleic lena chéile i véarsa 2 agus an file féin ar a shuaimhneas leis an chaidreamh idir an dúlra agus é féin mar fhile agus mar dhuine sa véarsa deireanach. Chomh fada agus is féidir leis teacht ar thuiscint iomlán air seo uilig, tugann sé an cheist chun réitigh agus chun fuascailte ar shlí a shásaíonn é féin agus a cheird. Baineann an léargas a nochtann an file sa véarsa deireanach lena ról mar fhísí agus mar chosantóir ar thraidisiún, mar chaomhnóir ar

oidhreacht agus, ar deireadh, mar léirmhítheoir ar dhá chultúr a bhfuil sé féin ina dhlúthpháirt díobh.

### Ceangal

Tá súil ag Gréagóir Ó Dúill d'áilleacht an nádúir agus léiríonn sé meas ina chuid filíochta ar an áilleacht sin. Tá níos mó i gceist leis an dúlra ná foinse shimplí áilleachta, áfach, bíodh is go bhfuil an ghné sin den timpeallacht an-tábhachtach dó. Feiceann sé an dúlra mar rud a gcaithfidh sé plé go foirmeálta leis, amhail duine eile. Is mar neach beo a fheiceann sé an dúlra agus bíonn síorphlé ar siúl idir é féin agus an neach sin. Nochtar an dúlra ar shlite éagsúla. Is léiriú ar áit é i gcásanna áirithe – an Ghaeltacht nó Dún na nGall an áit is minice a bhíonn i gceist aige. Síntear an léiriú sin go minic, fosta, agus cuirtear an dúlra inár láthair mar léiriú ar an dúchas saineúil cultúrtha a bhaineann leis an Ghaeltacht agus leis an Ghaeilge, an traidisiún teanga agus an oidhreacht liteartha.

Chomh maith leis sin, feictear an file ag ceistiú agus ag iniúchadh a ról féin mar fhile Gaeilge sa chéad áit agus mar fhile i gcoitinne ina dhiaidh sin. Bíonn sé i ngleic go minic lena ról féin mar chomharba ar thraidisiún ársa. Léiríonn na trí dhán thuas go mbíonn sé de shíor ag forbairt na tuisceana atá aige ar an ról sin agus go bhfuil a dhearcadh i ndiaidh dul in aibíocht i rith a shaoil mar fhile, rud ar thagair sé dó sa sliocht athfhriotal ag tús na haiste seo. Is mar léirmhítheoir ar thraidisiún is fearr é a thuiscint sna trí dhán seo. Is cosantóir ar an oidhreacht teanga agus chultúrtha é atá gafa idir dhá ré: an saol reatha agus an oidhreacht ársa a bhfuil a shaol mar fhile tugtha aige di. Feictear fosta na coimhlintí beaga atá mar chúlra ag an dá ré sin: Gaeltacht agus Galltacht, Gaeilge agus Béarla, Ó Dúill mar phlandóir agus mar dhúchasóir, tarracóir agus trucail. Is file é, ar deireadh, atá ag déanamh a dhíchill an fearann idir na coimhlintí sin uilig a chaibidil trína mhachnamh fileata. Is ag caomhnú na hoidhreachtach á hathnuachan, fosta, i gcomhthéacs an tsaoil nua-aoisigh a bhíonn sé go han-mhinic. Agus é ag trácht roinnt blianta ó shin in aiste ghairid leis ar fhilíocht Chathail Uí Shearcaigh, scríobh Ó Dúill:

He [Ó Searcaigh] argues that for him, the comfortable and the usual must be reversed, that his home is not the snug cottage but the ruin open to the wind ... The metaphor can also relate to the poet's fidelity to his cultural inheritance, the very despoliation of which has made it more open to enriching outside influences.<sup>16</sup>

D'fhéadfadh go raibh Ó Dúill ag cur síos ansin ar ghné dá thionscadal filíochta féin, go háirithe mar a léirítear é sna dánta atá idir chamáin anseo, ach an dúlra a chur in áit an bhaile. An líne dheireanach in 'Mochéirí Meithimh' is fearr a chuimsíonn cur chuige agus dearcadh Uí Dhúill i leith an dúlra agus na filíochta, measaim: 'Is é sin mo dhán.' Is ráiteas lom é ar dhualgas an fhile ach is léiriú an-iomlán é, chomh maith leis sin, ar an tuiscint atá ag Ó Dúill ar an áit lárnach atá ag an fhile Gaeilge i léirmhíniú oidhreacht agus traidisiún ársa na Gaeilge do lucht éisteachta taobh istigh agus taobh amuigh den traidisiún sin.

---

<sup>16</sup> Gréagóir Ó Dúill, 'Cathal Ó Searcaigh: a negotiation with place, community and tradition' in Moya Cannon (eag.) *Poetry Ireland Review* 48 (Geimhreadh 1996), 17.